GNÍOMHAÍOCHTAÍ GASTA

60 GNÍOMHAÍOCHT CHUMARSÁIDE DON RANG GAEILGE

SIOBHÁN PATTEN

Gaelchultúr

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscoláíochta

Clár Ábhair

Buíochas		iv
Réamhrá		v
Aonad 1: Mé Féin	Gníomhaíocht 1: Mo theaghlach	1
	Gníomhaíocht 2: Cur síos a thabhairt ar dhuine	7
Aonad 2: Sa Bhaile	Gníomhaíocht 3: Sa chistin	15
	Gníomhaíocht 4: Obair an tí	21
Aonad 3: Bia	Gníomhaíocht 5: Bia agus béilí	27
	Gníomhaíocht 6: Sa bhialann	33
Aonad 4: Siopadóireacht	Gníomhaíocht 7: Siopadóireacht	39
	Gníomhaíocht 8: San ionad siopadóireachta	47
Aonad 5: An Teilifís	Gníomhaíocht 9: Cláracha teilifíse	55
	Gníomhaíocht 10: Tuairimí faoi chúrsaí teilifíse	61
Aonad 6: Caitheamh Aimsire	Gníomhaíocht 11: Mo chaitheamh aimsire	67
	Gníomhaíocht 12: An deireadh seachtaine	73
Aonad 7: An Aimsir	Gníomhaíocht 13: Aimsir agus pleananna	77
	Gníomhaíocht 14: Réamhaisnéis na haimsire	85
Aonad 8: Éadaí	Gníomhaíocht 15: Cur síos ar éadaí	93
	Gníomhaíocht 16: Éadaí caillte	99
Aonad 9: An Scoil	Gníomhaíocht 17: Ar scoil	107
	Gníomhaíocht 18: Sa seomra ranga	117
Aonad 10: Ócáidí Speisialta	Gníomhaíocht 19: Féilte agus breithlá	125
	Gníomhaíocht 20: Cuireadh a thabhairt	133
Innéacs Topaicí		139
Innéacs Gramadaí		141

Aonad 1: Mé Féin

Gníomhaíocht 2: Cur síos a thabhairt ar dhuine

Aidhmeanna:
Cur ar chumas na ndaltaí labhairt faoi chuma daoine agus faoi mhothúcháin

Cuspóirí:
- gníomhaíocht chumarsáide a dhéanamh faoi chuma daoine
- gníomhaíocht chumarsáide a dhéanamh faoi mhothúcháin

Feidhmeanna teanga:
Eolas a thabhairt agus a lorg (ceisteanna a chur agus a fhreagairt)

Le bheith múinte roimh ré:
- dathanna
- na forainmneacha réamhfhoclacha **ag** agus **ar**

Gníomhaíocht 2: Réamhchumarsáid

1. **Cuma an duine**

(a) Tabhair cóip den bhileog 'Cur síos a thabhairt ar dhaoine' do na daltaí. Iarr orthu féachaint ar gach pictiúr ar feadh tamaill agus ansin déan cleachtadh leo ar roinnt den stór focal a bhaineann le cur síos a thabhairt ar dhuine, e.g. **súile**, **féasóg**, **gruaig**, **ard**, **beag**, **tanaí**, **ramhar**, etc. Ansin múin roinnt focal eile dóibh, e.g. **croiméal**, **gruaig chatach**, **maol**, **bricíní**.

(b) Mínigh do na daltaí go ndeirtear go bhfuil súile **ag** duine ach go bhfuil gruaig nó féasóg **ar** dhuine. Úsáidtear **ar** i gcás mothúchán agus tinnis chomh maith.

(c) Déan cur síos ort féin ansin, e.g. **Tá gruaig fhada dhubh orm agus tá súile glasa agam. Tá spéaclaí orm freisin.** Tarraing aird na ndaltaí ar an séimhiú ar an aidiacht tar éis **gruaig** agus ar an leagan iolra den aidiacht tar éis **súile**.

(d) Iarr ar na daltaí dathanna súl agus gruaige a chur ar na daoine atá ar an mbileog. Cuir ceisteanna orthu chun cleachtadh a dhéanamh ar na dathanna a fhad is a bheidh siad ag dathú na bpictiúr, e.g. **Cén dath atá tú a chur ar ghruaig an fhir sin i mbosca 5, a Chiara?**

(e) Nuair a bheidh an méid sin déanta ag na daltaí, iarr orthu na bearnaí a líonadh. Bí thusa ar fáil le cabhrú leo. Abair leo go mbeidh deis acu a gcarachtar féin a chruthú sa dá bhosca dheireanacha – gruaig, súile agus tréithe a tharraingt agus dath a chur orthu. Ansin, beidh siad ábalta cur síos a thabhairt orthu mar a rinne siad i gcás na samplaí eile.

(f) Nuair a bheidh na bearnaí líonta acu, iarr ar dhaltaí éagsúla a gcuid freagraí a léamh amach os ard.

Samplaí:
1) **Seo é Tom. Tá gruaig ghearr rua* air agus tá súile donna aige.**
Tá croiméal agus spéaclaí air chomh maith.
2) **Seo í Síle. Tá gruaig fhada fhionn uirthi agus tá súile gorma aici.**
3) **Seo é Seosamh. Tá gruaig ghearr spíceach air agus tá súile glasa aige.**
Tá bricíní air.

*Bí cinnte go dtuigfidh na daltaí go ndeirtear **rua** seachas **dearg** agus trácht á dhéanamh ar dhath gruaige!

2. **Mothúcháin an duine**

(a) Tarraing an tábla thíos ar an gclár.

Tá sé/sí ...	**brónach**
	sona

Tá	**fearg**	**air/uirthi.**
	eagla	
	ionadh	
	mearbhall	

(b) Iarr ar dhaltaí na mothúcháin éagsúla a léiriú ar a n-aghaidh os comhair an ranga. Cabhraigh leo leis na cinn nach mbeidh ar eolas acu.

(c) Imir cluiche míme ansin leis na daltaí maidir le mothúcháin. Lig ort go bhfuil mothúcháin faoi leith ort trí mhímeáil a dhéanamh. Má shíleann dalta go bhfuil an freagra aige, is féidir leis an cheist seo a chur:

An bhfuil tú [mothúchán]?
nó

An bhfuil [mothúchán] ort?

(d) Iarr ar dhaltaí éagsúla teacht amach os comhair an ranga ansin agus mímeáil a dhéanamh ar an dóigh chéanna. Beidh ar dhaltaí eile sa rang tomhas cén mothúchán atá i gceist.

(e) Abair leis na daltaí go bhfuil tú chun duine de na daoine sna pictiúir ar an mbileog 'Aimsigh an duine ceart' a roghnú anois agus go mbeidh orthusan ceisteanna a chur ort le fáil amach cé atá i gceist. Sula gcuirfear tús leis an gcluiche, scríobh na ceisteanna agus na freagraí seo a leanas ar an gclár mar chabhair do na daltaí.

An buachaill é?/An cailín í? Is ea*./Ní hea.
An bhfuil gruaig ghearr air/uirthi? Tá./Níl.
An bhfuil sé/sí brónach? Tá./Níl.
An bhfuil gruaig chatach air/uirthi? Tá./Níl.
An bhfuil spéaclaí air/uirthi? Tá./Níl.
An bhfuil súile gorma aige/aici? Tá./Níl.
An bhfuil sé i mbosca uimhir 13? Tá./Níl.

*Mínigh do na daltaí gur **Sea** a deirtear sa chaint.

Gníomhaíocht 2: Fíorchumarsáid

(a) Cuir na daltaí i bpéirí agus abair leo go mbeidh siad ag imirt cluiche. Tabhair cóip den bhileog 'Aimsigh an duine ceart' do gach duine acu.

(b) I gcás gach péire, ba cheart do Dhalta A agus do Dhalta B duine a roghnú ón mbileog 'Aimsigh an duine ceart' agus uimhir an bhosca ina bhfuil an duine sin a scríobh síos ar phíosa páipéir, e.g. 22. Níor cheart dóibh an uimhir a thaispeáint don duine eile. Tabhair cóip den bhileog 'Aimsigh an duine ceart – tábla' do gach dalta ansin ionas go mbeidh sé in ann taifead a choinneáil de fhreagraí an dalta eile trí ✔ nó **x** a scríobh sna boscaí.

(c) Le cinneadh a dhéanamh cé a ghlacfaidh an chéad seal, caithfidh an bheirt acu dísle uair amháin agus glacfaidh an té a gheobhaidh an scór is airde an chéad seal, i.e. cuirfidh sé an chéad cheist.

(d) An sprioc a bheidh acu ná tomhas cén duine atá roghnaithe ag an duine eile. Chun é sin a dhéanamh, beidh orthu ceisteanna a chur ar a chéile maidir le cuma an duine agus ba cheart dóibh babhtáil a dhéanamh tar éis gach seala. Scríobh an comhrá seo thíos ar an gclár chun treoir a thabhairt do na daltaí:

Dalta A:	**An bean t(h)ú?**
Dalta B:	**Ní hea. An fear t(h)usa?**
Dalta A:	**Is ea. An bhfuil tú sona?**
Dalta B:	**Níl. An bhfuil tusa?**
Dalta A:	**Níl. An bhfuil gruaig chatach ort?**

(e) Má shíleann dalta go bhfuil a fhios aige cén duine atá i gceist, is féidir leis an cheist seo a chur: 'An bhfuil tú i mbosca [uimhir]?' Déarfaidh an dalta eile leis cé acu an bhfuil an ceart aige nó nach bhfuil.

(f) Beidh an bua ag an gcéad duine a thomhaisfidh an uimhir atá scríofa ar an bpíosa páipéir ag an duine eile.

(g) Ba cheart do na daltaí suas le sé bhabhta a imirt.

Gníomhaíocht 2: Iarchumarsáid

(a) Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó ceathrar agus iarr ar gach grúpa smaoineamh ar dhuine cáiliúil amháin a thaitníonn leo. Mínigh dóibh go bhfuil sé tábhachtach nach bhfeicfeadh aon ghrúpa eile an té a bheidh roghnaithe acu.

(b) Nuair a bheidh duine cáiliúil roghnaithe ag gach grúpa, iarr orthu cuntas (5–6 abairt) a scríobh faoin duine sin: inscne, gruaig, súile, tréithe fisiciúla suntasacha ar bith eile. Bí thusa ar fáil chun cabhrú leo.

(c) Tabhair ainmneacha ar na grúpaí (e.g. Grúpa 1, Grúpa 2, etc.) agus tabhair leathanach lannaithe bán agus marcóir do gach ceann acu.

(d) Mínigh do na daltaí conas an cluiche a imirt:

- (i) Iarrfaidh an múinteoir ar ghrúpa amháin teacht aníos go barr an tseomra agus léifidh urlabhraí an ghrúpa a chur síos amach os ard.
- (ii) I ndiaidh dó an chéad abairt a léamh, beidh ar na grúpaí eile sa rang an cur síos a phlé agus buille faoi thuairim a thabhairt maidir leis an duine atá i gceist. Beidh tríocha soicind acu chun é sin a dhéanamh. [*Nóta*: B'fhéidir go mbeadh sé riachtanach dhá abairt a léamh sa chéad bhabhta seo.]
- (iii) Beidh orthu a bhfreagra a scríobh ar an leathanach lannaithe agus é a thaispeáint don rang ar fad nuair a iarrfaidh an múinteoir orthu é sin a dhéanamh.
- (iv) Mura n-éireoidh le haon ghrúpa an freagra ceart a thomhas, ba cheart don urlabhraí an chéad abairt eile a léamh agus ansin déanfaidh na grúpaí plé arís.
- (v) Beidh an bua ag an ngrúpa a thomhaisfidh an freagra ceart.

(e) Mura mbeidh an freagra ceart ag grúpa ar bith ag an deireadh, tabhair thusa leideanna breise don rang, i.e. slí bheatha an duine, cé as é/í, etc.

(f) Ba cheart go mbeadh deis ag urlabhraí ó gach grúpa a chur síos a léamh.

Cur síos a thabhairt ar dhaoine

1

Seo é Tom. Tá gruaig _____ air agus tá súile _____ aige. Tá _____ agus _____ air chomh maith.

2

Seo í Síle. Tá gruaig _____ uirthi agus tá súile _____ aici.

3

Seo é Peadar. Tá súile _____ aige. Tá sé _____ agus tá _____ air.

4

Seo é Liam. Tá gruaig _____ _____ air agus tá súile _____ aige. Tá sé _____.

5

Seo é Eoin. Tá gruaig _____ air agus tá súile _____ aige. Tá sé _____.

6

Seo é Seosamh. Tá gruaig _____ air agus tá súile _____aige. Tá _____ air.

7

Seo í Mairéad. Tá gruaig _____ _____ uirthi agus tá súile _____ aici.

8

_____
_____
_____
_____
_____

9

_____
_____
_____
_____
_____

© Gaelchultúr 2013

Aimsigh an duine ceart

1. brónach	2. sona	3. ionadh	4. eagla
5. mearbhall	6. fearg	7. brónach	8. ionadh
9. eagla	10. sona	11. mearbhall	12. fearg
13. ionadh	14. fearg	15. mearbhall	16. sona
17. brónach	18. eagla	19. sona	20. brónach
21. fearg	22. mearbhall	23. ionadh	24. eagla

© Gaelchultúr 2013

Aimsigh an duine ceart - tábla

Babhta	1	2	3	4	5	6
fear						
bean						
brónach						
sona						
ionadh						
eagla						
mearbhall						
fearg						

© Gaelchultúr 2013

GNÍOMHAÍOCHTAÍ GASTA

GNÍOMHAÍOCHTAÍ CUMARSÁIDE DON RANG GAEILGE

- **AN BHFUIL GNÍOMHAÍOCHTAÍ TAITNEAMHACHA CUMARSÁIDE Á LORG AGAT DON SEOMRA RANGA?**
- **AR MHAITH LEAT AN GHAEILGE A MHÚINEADH AR BHEALACH NÍOS ÉIFEACHTAÍ?**
- **AR MHAITH LEAT CUMARSÁID NÁDÚRTHA A SPREAGADH AGUS A CHOTHÚ SA SEOMRA RANGA?**
- **CABHRÓIDH *GNÍOMHAÍOCHTAÍ GASTA* LEAT NA SPRIOCANNA SIN A BHAINT AMACH!**

Is éard atá in *Gníomhaíochtaí Gasta* leabhar gníomhaíochtaí cumarsáide Gaeilge don mhúinteoir bunscoile. Is féidir fótachóip a dhéanamh de na gníomhaíochtaí atá le fáil sa leabhar agus tá siad oiriúnach do dhaltaí i ranganna 3–6 i scoileanna T1 agus T2 araon.

Tá fiche gníomhaíocht fíorchumarsáide in *Gníomhaíochtaí Gasta* ina ndírítear ar na deich dtéama atá sa churaclam Gaeilge: Mé Féin, Sa Bhaile, Bia, Siopadóireacht, An Teilifís, Caitheamh Aimsire, An Aimsir, Éadaí, An Scoil agus Ócáidí Speisialta.

Tá treoracha cuimsitheacha le fáil in aonaid an leabhair maidir leis na gníomhaíochtaí fíorchumarsáide, chomh maith le moltaí i dtaca le gníomhaíochtaí réamhchumarsáide agus iarchumarsáide. Cuirfidh sé seo ar chumas an mhúinteora plé le gach aonad mar cheacht iomlán, más mian leis/léi déanamh amhlaidh. Is féidir, dar ndóigh, na gníomhaíochtaí fíorchumarsáide a úsáid ina n-aonar, mar shúil siar ar ábhar a múineadh cheana féin nó go díreach mar chluichí spraíúla ranga. An cur chuige cumarsáideach atá i gceist tríd síos sa leabhar agus tá go leor de na feidhmeanna teanga atá leagtha síos sa churaclam Gaeilge le fáil ann.

Tá Gaelchultúr ag súil gur acmhainn luachmhar a bheidh in *Gníomhaíochtaí Gasta* do mhúinteoirí bunscoile agus iad ag iarraidh cabhrú lena ndaltaí líofacht agus cruinneas a bhaint amach sa Ghaeilge agus scileanna cumarsáide a fhorbairt ar shlí spraíúil, idirghníomhach.

ÚDAR AN LEABHAIR

Is as Acaill, Contae Mhaigh Eo, ó dhúchas í Siobhán Patten. Chaith sí roinnt mhaith blianta ag obair mar mhúinteoir bunscoile sular fhostaigh Gaelchultúr í, mar oiliúnóir i dtús báire agus mar Bhainisteoir Sainchúrsaí ina dhiaidh sin.

Tá taithí leitheadach ag Siobhán ar shiollabais, acmhainní teagaisc agus pleananna ceachta a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí Gaeilge agus tá cúrsaí ag leibhéil éagsúla múinte aici i réimse leathan eagras.

ISBN 978-0-9563614-5-5

9 780956 361455 >

Gaelchultúr
www.gaelchultur.com

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta